

**Áras Stair na hEorpa**
Rue Belliard/Belliardstraat 135
1000 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

www.historia.europa.eu
facebook.com/HistoriaEuropa
x.com/HistoriaEuropa
instagram.com/houseeuropeanhistory

© An tAontas Eorpach, 2024
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

## TAISPEÁNTAIS FHÍORÚLA AGUS AR CAMCHUAIRT

I gcás luchtanna féachana lasmuigh den Bhruiséil, cuirimid fáilte romhaibh eolas a chur ar an músaem níos gaire do bhaile.

Tugaigí turas fíorúil ar chúig úrlár an bhuantaispeántais nó léigí faoi chúlra suaithinseach na réad ónár mBailiúchán ar Líne. Cuirigí eolas ar Phailliún an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach trínár n-ardán réaltachta fíorúla Expo 58 nó tugaigí cuairt ar ár dtaispeántas ar camchuairt atá ar taispeáint i gcathracha éagsúla ar fud na hEorpa.

## FOGHLAIM, IMEACHTAÍ & TAIRISCINTÍ TEAGHLAIGH

A bhuí lenár gclár poiblí agus ár dtairiscintí foghlama, bíonn deiseanna ann eolas a chur ar ilghnéitheacht stair na hEorpa trí imeachtaí agus acmhainní éagsúla a fhreastalaíonn ar ár luchtanna féachana éagsúla agus ar a riachtanais.

I rith na bliana cuirimid réimse leathan gníomhaíochtaí ilteangacha ar fáil do dhaoine fásta, do scoileanna agus do theaghlaigh, ar an láthair agus ar líne araon.

Ina measc sin tá cainteanna, ceardlanna, turais théamacha, conairí fionnachtana teaghlaigh agus a thuilleadh gníomhaíochtaí nach iad – agus é d'aidhm ag gach ceann acu cur le tuiscint ár gcuairteoirí ar an am atá caite agus ar a ábhartha atá sé don lá atá inniu ann.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin chun tuilleadh eolais a fháil faoi thairiscintí ár gcláir phoiblí.



## FAISNÉIS PHRAITICIÚIL

Bíonn an músaem ar oscailt 7 lá na seachtaine agus tá cead isteach saor in aisce ann.

I gcás cuairteoirí aonair, teaghlaigh agus grúpaí ina bhfuil níos lú ná naonúr, ní gá áirithint a dhéanamh roimh ré.

I gcás grúpaí ina bhfuil níos mó ná deichniúr, cuir do chuairt in áirithe roimh ré ar líne:
**https://brussels-historia.booking.europarl.europa.eu/**
.

Tá Áras Stair na hEorpa lonnaithe in Parc Léopold, gar do Pharlaimint na hEorpa.

Rue Belliard/Belliardstraat 135
1000 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

### UAIREANTA OSCAILTE

Luan 13.00–18.00
Máirt – Aoine 09.00–18.00 *
Satharn – Domhnach 10.00–18.00

* 10.00–18.00 le linn Iúil agus Lúnasa

*Dúnfar an músaem an 1 Eanáir, an 1 Bealtaine, an 1 Samhain agus an 24, an 25, agus an 31 Nollaig.*

24 6+

## FAN I dTEAGMHÁIL LINN

*Scan an cód QR chun eolas a fháil faoinár dturais threoraithe, imeachtaí agus tairiscintí foghlama saor in aisce*

SAOR IN AISCE

# ÁRAS STAIR NA hEORPA

## Stair chomhroinnte in aon mhúsaem amháin



ÁRAS STAIR NA hEORPA

Tionscnamh de chuid Pharlaimint na hEorpa

Cuir eolas ar Áras Stair na hEorpa – arb é an t-aon mhúsaem é ina bhfuil léiriú le fáil ar stair fhada fhairsing na hEorpa de réir dearcthaí iomadúla.

Sa mhúsaem seo, atá lonnaithe i bhfoirgneamh a tógadh i dtosach in 1935 mar chlinic fiaclóireachta do leanaí faoi mhíbhuntáiste, is amhlaidh a bheidh caoi agat ar an dearcadh náisiúnta a chur i leataobh agus eolas a chur, ar bhealach machnamhach, ar na mórimeachtaí agus na príomhfheiniméin a thug muintir na hEorpa le chéile, agus a scar ó chéile iad, sa 19ú haois agus san 20ú haois.

Trí úsáid a bhaint as treoir ilmheán láimhe in 24 theanga, cuirfidh tú eolas ar roinnt de na himeachtaí stairiúla a leanann de bheith ag múnlú shaol mhuintir na hEorpa, agus de lorg a fhágáil orthu, sa lá atá inniu ann trí réada, físeáin agus scéalta.

Bí linn sa mhúsaem féin, nó go cianda ar ár dTuras Fíorúil chun eolas a chur ar stair na hEorpa, chun tuiscint a fháil ar an saol inniu san Eoraip agus chun a bhfuil i ndán don Eoraip a mhúnlú.



## BUANTAISPEÁNTAS

Sa bhuantaispeántas, a dtugtar léargas ar ar mhiotas ársa Europa ag a thús, léirítear dearcthaí éagsúla ar imeachtaí lárnacha sa 19ú haois agus sa 20ú haois agus freisin ar chlocha míle phróiseas lánpháirtíochta na hEorpa anuas go dtí an lá atá inniu ann. Bíonn caoi ag na cuairteoirí ar mhachnamh a dhéanamh ar a ábhartha atá oidhreacht chomhroinnte na hilchríche.

Tá an taispeántas oiriúnach don teaghlach ar fad agus tá spásanna fionnachtana idirghníomhacha do leanaí ann ar gach urlár.

### AN EORAIP A MHÚNLÚ

Cuir tuilleadh eolais ar an Eoraip agus ar na nithe a dhealaíonn ó ilchríocha eile í tríd an miotaseolaíocht, trí léarscáileanna agus tríd an oidhreacht chomhroinnte.

### AN EORAIP: CUMHACHT DHOMHANDA

Is é a tháinig as tréimhse réabhlóideach an 19ú haois ná tréimhse shuntasach athraithe agus claochlú shochaithe na hEorpa. Le linn na Réabhlóide Tionsclaíche, rinneadh dul chun cinn nach beag san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa gheilleagar, rud a chuir dlús le leathnú na hEorpa i bhfad is i ngearr agus le dúshaothrú na hEorpa ar impireachtaí coilíneacha.

Cuir eolas ar an dóigh ar ráinigh leis an Eoraip a bheith ina mórchumhacht dhomhanda dhochloíte faoi dheireadh an chéid.



### AN EORAIP SCRIOSTA

Ba é an céad seo an céad is marfaí i stair ilchríoch na hEorpa. Bhí tionchar ollmhór ag an scrios coscrach, nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, ar mhuintir na hEorpa ar feadh na mblianta móra fada.

Cuir eolas ar na heachtraí ba chúis le bás na milliún duine, an chéad ollchogadh tionsclaithe ina measc, ar theacht chun cinn an náisiúnachais agus an ollsmachtachais sa tréimhse idirchogaidh agus ar an ngéarú a tháinig ar an Dara Cogadh Domhanda go raibh sé ina 'chogadh iomlán', rud a d'fhág gur cuireadh deireadh leis an idirdhealú idir saighdiúirí agus sibhialtaigh.

### ILCHRÍOCH DHEIGHILTE A ATÓGÁIL

In 1945, bhí an Eoraip ina fothrach agus cé go raibh deireadh tagtha leis an Dara Cogadh Domhanda, bhí an Cogadh Fuar ar tí tosú. Cuir eolas ar an dóigh ar tháinig feabhas mór ar dhálaí maireachtála mhuintir na hEorpa le tabhairt isteach an stáit leasa – in ainneoin na ndifríochtaí suntasacha a bhí ann idir geilleagair mhargaidh agus geilleagair stáit san Oirthear agus san Iarthar. Sa tréimhse seo freisin, is amhlaidh a bhí tost ann ar dtús i dtaobh an Uileloiscthe agus nár aithníodh uafás an Uileloiscthe.



### CINNTEACHTAÍ Á RÉABADH

Tháinig deireadh tobann le borradh iarchogaidh na hEorpa sna 1970idí agus thug gluaiseachtaí sóisialta nua dúshlán an oird pholaitiúil.

Mar gheall ar an éileamh ar bhreis rannpháirtíochta polaitiúla, treisíodh an daonlathas in Iarthar na hEorpa agus cuireadh brú ag an am céanna ar an gcumannachas san Eoraip Láir agus in Oirthear na hEorpa.

Cuir eolas ar an dóigh ar tháinig athrú ar an Eoraip athuair mar gheall ar dheireadh an Chogaidh Fhuair, mar gheall ar athaontú na Gearmáine agus mar gheall ar an gcogadh san Iúgslaiv, agus ar an dóigh a raibh léiriú le fáil, sna cartlanna agus sna comhaid a ceileadh ar an saol mór le linn na ré cumannaí, ar thaithí agus cuimhní coiscthe na muintire – rud a d'fhág gur tháinig athrú ar an tuiscint ar stair na hilchríche.

### CLOCHA MÍLE LÁNPHÁIRTIÚ NA hEORPA

Ó Chomhdháil na hEorpa in 1948 go dtí an díospóireacht ar Bhunreacht Eorpach sna 2000idí, is amhlaidh a cuireadh dlús nach beag le próiseas lánpháirtíochta na hEorpa.

Cuir eolas ar an dóigh ar thosaigh tíortha na hEorpa ar eolas a chur, de réir a chéile, ar conas comhoibriú le chéile ar an leibhéal fornáisiúnta i ndiaidh an chogaidh.



### AN EORAIP SA LÁ ATÁ INNIU ANN

Cuir eolas ar an iliomad dúshlán atá roimh mhuintir na hEorpa sa lá atá inniu ann amhail an t-athrú aeráide, Brexit agus an oidhreacht choilíneach, agus déan do mhachnamh ag an am céanna ar bhunluachanna na hEorpa.

## TAISPEÁNTAS SEALADACH

Gach bliain, cruthaíonn an músaem taispeántas sealadach ina scrúdaítear téama sonrach nó tréimhse shonrach de stair na hEorpa. Ar an gcaoi sin, is féidir linn gnéithe sonracha de scéal na hEorpa a léiriú i dtaispeántas níos doimhne, níos nuálaí agus níos cruthaithí a thaitníonn le cineálacha éagsúla lucht féachana.